II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/1350 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Iúil 2022

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Macadóine Thuaidh maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Macadóine Thuaidh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointí (b) agus (d), Airteagal 79(2), pointe (c), agus Airteagal 218 (3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In imthosca ina bhfuil gá le foirne bainistithe teorainneacha ó bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh i dtríú tír ina bhfeidhmeoidh na baill de na foirne cumhachtaí feidhmiúcháin, foráiltear le hAirteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) go dtabharfaidh an tAontas comhaontú stádais i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann ar bhonn Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(2) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú stádais a thabhairt i gcrích le Poblacht na Macadóine Thuaidh maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i gcríoch Phoblacht na Macadóine Thuaidh.

(3) Ba cheart don chaibidlíocht sin cur leis an dréacht-chomhaontú stádais ar chuir an tAontas agus Poblacht na Macadóine Thuaidh inisealacha leis in 2018, agus na hathruithe ar an gcreat dlíthiúil arna dtabhairt isteach le Rialachán (AE) 2019/1896, go háirithe maidir le cearta bunúsacha, cosaint sonraí, pribhléidí agus díolúintí, agus cosc na calaoise, á gcur san áireamh, mar aon le hathruithe a chineann ó Chomhaontú Prespa ([2]). Ba cheart freisin an comhaontú stádais a tharraingt suas i ndúblach sna 24 theanga oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh agus sa Mhacadóinis, agus comhúdarás ag na téacsanna go léir.

(4) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([3]). Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

([1]) Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

([2]) An Comhaontú Deiridh maidir le socrú na ndifríochtaí a thuairiscítear i Rún 817 (1993) agus i Rún 845 (1993) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, foirceannadh Chomhaontú Eatramhach 1995, agus bunú Comhpháirtíochta Straitéisí idir na Páirtithe.

([3]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge7, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, maidir le comhaontú stádais a thabhairt i gcrích le Poblacht na Macadóine Thuaidh maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta igcríoch bPoblacht na Macadóine Thuaidh.

Airteagal 2

Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus seolfar í i gcomhairle leis an Meitheal ábhartha den Chomhairle.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK